# Staitisticí Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ)

Iúil 2021
(Réamhstaitisticí)

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le CMÁ. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh ar an gClár CMÁ a bheachtú agus dá réir sin ní sonraí críochnaitheacha iad na sonraí atá san áireamh agus teastaíodh roinnt áirithe meastacháin a dhéanamh.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar CMÁ 2021.
Foilseofar nuashonruithe in am trátha ag:
https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/index.aspx. Tá staitisticí i leith blianta roimhe ar fáil ar an leathanach céanna chomh maith.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le CMÁ a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Fáltais CMÁ 2021

Aistríodh fáltais CMÁ €293.5m chuig an gCiste Rialtais Áitiúil in 2021 go dtí seo.

Áirítear riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) le Fáltais CMÁ chomh maith. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) a bhailiú ón 1 Iúil 2013. Ó shin bailíodh €73.9m de MT (lena n-áirítear €0.5m go dtí seo in 2021).

## Comhlíontacht CMÁ 2021

An ráta comhlíontacht reatha CMÁ le haghaidh 2021 ná 90.4%.

Ó Eanáir 2021, tá formhór na n-úinéirí maoine tar éis cloí go hiomlán lena ndualgais íocaíochta CMÁ, ar bhonn céimnithe nó trí íocaíocht aonair a dhéanamh. Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis teagmháil shuntasach a dhéanamh le húinéirí maoin cónaithe a bhfuil deacrachtaí airgid acu ó thús na paindéime le socruithe íocaíochta solúbtha a aontú is fearr a oireann dá gcúinsí áirithe.

Bhí líon beag cáiníocóirí, áfach, a roghnaigh gan a bheith comhlíontach agus mar thoradh níl an dara rogha eile ag na Coimisinéirí Ioncaim ach pionóis a ghearradh chun íocaíocht a chinntiú. Le linn na tréimhse seo, diúltaíodh níos mó ná 3,358 iarratas ar imréiteach cánach mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus deonaíodh imréiteach dá éis sin do thuairim agus 97% díobh sin nuair a aontaíodh socruithe íocaíochta. Gearradh 5,542 formhuirear CMÁ, i gcásanna Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide de bhun neamhchomhlíontacht CMÁ. As na cásanna ar iarradh athbhreithnithe ina leith, baineadh nó maolaíodh breis agus 70% de na formhuirir tar éis na dliteanais CMÁ a íoc.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag asbhaint CMÁ ag an bhfoinse do 2021 i leith níos mó ná 82,000 maoin faoi réir asbhaint éigeantach in 2020. Chomh maith leis sin, méadaíodh an luacháil ar bhreis agus 15,271 maoin, ag eascairt ó mheascán d'fhéincheartú agus dúshláin ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tiocfaidh athrú ar na huimhreacha seo le himeacht ama de réir mar a roghnaíonn úinéirí maoine a chúrsaí CMÁ a chur ina cheart.

* Ríomhtar an ráta comhlíontachta ó fhigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó fhaisnéis Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011/2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair idir lámha le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

## Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil 2021

Bhain cúig cinn is fiche d’Údaráis Áitiúla leas as an deis an ráta CMÁ do 2021 a athrú (i gcomparáid leis an ráta caighdeánach CMÁ), a chlúdaíonn beagnach 1.4m maoin (gan maoin faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil san áireamh), agus chuir siad na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas maidir lena gcinneadh ar an 30 Meán Fómhair 2020.

Tá na hathruithe cuí déanta go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim d’úinéirí maoine.

Léirítear sa tábla thíos raon suimeanna íocaíochtaí CMÁ le haghaidh 2021 tar éis an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh CMÁ 2021 a chur i bhfeidhm.

Sa chás nach ndearnadh athruithe don Fhachtóir Coigeartaithe Áitiúil, cuirfear na rátaí caighdeánacha CMÁ i bhfeidhm: 0.18% ar bhandaí luachála suas le €1m, agus 0.25% ar an luach atá os cionn €1m.

| **Banda** | **Réimse Luacha Maoine** | **An Ráta Caighdeánach (€)** | **+15% (€)** | **+10% (€)** | **+7.5% (€)** | **+5% (€)** | **+2.5% (€)** | **-10% (€)** | **-15% (€)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €0-100k | 90 | 104 | 99 | 97 | 95 | 92 | 81 | 76 |
| 2 | €100-150k | 225 | 259 | 247 | 242 | 237 | 231 | 203 | 191 |
| 3 | €150-200k | 315 | 362 | 346 | 339 | 331 | 323 | 284 | 267 |
| 4 | €200-250k | 405 | 466 | 445 | 435 | 425 | 415 | 365 | 344 |
| 5 | €250-300k | 495 | 569 | 544 | 532 | 520 | 507 | 446 | 420 |
| 6 | €300-350k | 585 | 673 | 643 | 629 | 614 | 600 | 527 | 497 |
| 7 | €350-400k | 675 | 776 | 742 | 726 | 709 | 692 | 608 | 573 |
| 8 | €400-450k | 765 | 880 | 841 | 822 | 803 | 784 | 689 | 650 |
| 10 | €500-550k | 945 | 1,087 | 1,039 | 1,016 | 992 | 969 | 851 | 803 |
| 12 | €600-650k | 1,125 | 1,294 | 1,237 | 1,209 | 1,181 | 1,153 | 1,013 | 956 |
| 14 | €700-750k | 1,305 | 1,501 | 1,435 | 1,403 | 1,370 | 1,338 | 1,175 | 1,109 |
| 16 | €800-850k | 1,485 | 1,708 | 1,633 | 1,596 | 1,559 | 1,522 | 1,337 | 1,262 |
| 18 | €900-950k | 1,665 | 1,915 | 1,831 | 1,790 | 1,748 | 1,707 | 1,499 | 1,415 |
| €1m | €1m+ | 1,800 | 2,070 | 1,980 | 1,935 | 1,890 | 1,845 | 1,620 | 1,530 |
| €1.5m | €1m+ | 3,050 | 3,508 | 3,355 | 3,279 | 3,203 | 3,126 | 2,745 | 2,592 |
| | | **6 Chomhairle** | **An Cabhán<br>Cill Chainnigh<br>An Clár<br>Dún na nGall<br>An Iarmhí<br>Liatroim<br>An Longfort<br>Luimneach<br>Muineachán<br>Ros Comáin<br>Sligeach<br>Uíbh Fhailí** | **Laois<br>Loch Garman<br>Maigh Eo<br>Port Láirge<br>Tiobraid Árann** | **Ciarraí<br>Cill Dara<br>Corcaigh, Cathair agus Contae** | **Ceatharlach** | | **Fine Gall** | **Cathair Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath Theas** |

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Bailiú agus Comhlíontacht i leith 2021 go dtí seo

| Údarás Áitiúil | Maoine Tuairiscithe * 2021 (i bhfoirm mílte) | Ráta Comhlíontachta ** 2021 (%) | CMÁ Bailithe *** 2021 (€ milliún) |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath Theas | 92.6 | 92.7 | 17.4 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 216.9 | 88.9 | 50.3 |
| An Cabhán | 28.4 | 89.9 | 3.7 |
| Ceatharlach | 21.3 | 90.3 | 2.9 |
| Ciarraí | 64.4 | 89.8 | 11.6 |
| Cill Chainnigh | 34.3 | 90.0 | 6.0 |
| Cill Dara | 74.4 | 91.7 | 15.2 |
| Cill Mhantáin | 49.8 | 91.8 | 11.6 |
| An Clár | 49.2 | 91.0 | 8.5 |
| Cathair Chorcaí | 80.3 | 90.2 | 15.8 |
| Contae Chorcaí | 128.0 | 93.0 | 24.5 |
| Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | 79.9 | 93.2 | 36.1 |
| Dún na nGall | 67.5 | 85.6 | 9.3 |
| Fine Gall | 97.8 | 93.4 | 22.0 |
| Cathair na Gaillimhe | 30.3 | 92.0 | 6.2 |
| Contae na Gaillimhe | 66.8 | 89.9 | 10.3 |
| An Iarmhí | 33.3 | 89.8 | 5.1 |
| Laois | 28.2 | 89.4 | 3.6 |
| Liatroim | 15.0 | 87.4 | 1.9 |
| Loch Garman | 60.2 | 90.7 | 9.5 |
| An Longfort | 15.9 | 88.5 | 1.9 |
| Lú | 46.4 | 87.7 | 6.5 |
| Cathair & Contae Luimnigh | 73.8 | 89.8 | 12.5 |
| Maigh Eo | 55.3 | 88.9 | 8.6 |
| An Mhí | 64.1 | 90.4 | 11.1 |
| Muineachán | 21.4 | 89.3 | 3.2 |
| Cathair & Contae Port Láirge | 48.1 | 90.6 | 7.4 |
| Ros Comáin | 26.1 | 90.2 | 3.5 |
| Sligeach | 28.4 | 89.4 | 4.4 |
| Tiobraid Árann | 60.8 | 90.1 | 9.5 |
| Uíbh Fhailí | 26.5 | 88.1 | 3.9 |
| | ***1,785*** | ***90.4*** | ***344*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Folaíonn sé seo treoracha tar-rollta (0.8m), treoracha nua (0.7m), maoine de chuid na nÚdarás áitiúil a bhfuil tuairisceán tugtha ina leith go dtí seo
(0.14m) agus maoine a bhfuil asbhaint éigeantach ag an bhfoinse á fheidhmiú ina leith (0.1m).
*Ríomhtar an ráta comhlíontachta ó fhigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó fhaisnéis Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011 / 2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair idir lámha le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.
***Folaíonn an CMÁ a bailíodh do 2021 réamhíocaíochtaí €72m a fuarthas in 2020 agus €272m a fuarthas in 2021. Folaíonn sé seo suimeanna a d'íoc Údaráis Áitiúla i dtaca le maoine faoina n-úinéireacht agus íocaíochtaí a bailíodh trí asbhaint éigeantach ag an bhfoinse. Níl tuairim is €0.5m den Mhuirear Teaghlaigh san áireamh sa €344m
a fuarthas le linn 2021. San áireamh i bhfáltais an Ciste Rialtais Áitiúil le haghaidh 2021 tá CMÁ €21m i leith blianta roimhe.

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse i leith 2021

Feidhmíodh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse i leith CMÁ ar tuairim is 82,000 maoin i leith 2021. Léirítear ar an tábla thíos dáileadh na maoin seo de réir Údarás Áitiúil.

Athraíonn na figiúirí seo de réir mar a chuireann úinéirí maoine a gcúrsaí cánach ina gceart.

| Údarás Áitiúil | Maoine faoi réir Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse CMÁ 2021 (%) |
|---|---|
| Baile Átha Cliath Theas | 5.6 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 9.6 |
| An Cabhán | 1.8 |
| Ceatharlach | 1.4 |
| Ciarraí | 2.8 |
| Cill Chainnigh | 2.3 |
| Cill Dara | 4.9 |
| Cill Mhantáin | 2.5 |
| An Clár | 2.8 |
| Cathair Chorcaí | 4.1 |
| Contae Chorcaí | 7.1 |
| Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | 2.5 |
| Dún na nGall | 3.6 |
| Fine Gall | 6.1 |
| Cathair na Gaillimhe | 1.5 |
| Contae na Gaillimhe | 4 |
| An Iarmhí | 2.2 |
| Laois | 2.3 |
| Liatroim | 0.9 |
| Loch Garman | 3.3 |
| An Longfort | 0.9 |
| Lú | 3.5 |
| Cathair & Contae Luimnigh | 4.4 |
| Maigh Eo | 2.8 |
| An Mhí | 4.6 |
| Muineachán | 1.2 |
| Cathair & Contae Port Láirge | 2.9 |
| Ros Comáin | 1.5 |
| Sligeach | 1.6 |
| Tiobraid Árann | 3.5 |
| Uíbh Fhailí | 1.8 |
| | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

## Cineálacha Íocaíochta le haghaidh 2021

| Cineál Íocaíochta | CMÁ 2021 (%) |
|---|---|
| Treoir Dochair Bhliantúil* | 19.6 |
| Cárta Creidmheasa | 6.1 |
| Cárta Dochair | 17.8 |
| Dochar Díreach | 24.6 |
| Údarú Dochair Aonair | 0.5 |
| Asbhaint ag an bhFoinse | 15.3 |
| Soláthraí Seirbhíse | 11.6 |
| Íocaíocht Eile | 4.5 |
| | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Is éard is Treoir Dochair Bhliantúil (TDB) ann ná íocaíocht roghnach i leith bliain amháin nó blianta iomadúla.

## Éilimh ar Dhíolúine nó Iarchur i leith 2021

Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 49,000 éileamh ann ar dhíolúine ó mhaoine a bhfuil tuairisceáin tíolactha ina leith le haghaidh 2021.

| Cineál na Díolúine (Féinmheasúnú) | CMÁ 2021<br>Líon (i bhfoirm mílte) | % |
|---|---|---|
| Comhlachtaí carthanúla (gníomhaíochtaí áineasa) | 0.2 | 0.5 |
| Comhlachtaí carthanúla (cóiríocht riachtanas speisialta) | 8.9 | 18.3 |
| Maoin áirithe a ceannaíodh idir 1/1/2013 agus 31/12/2013 | 11.0 | 22.6 |
| Maoine go hiomlán faoi réir rátaí tráchtála | 2.5 | 5.2 |
| Maoine fágtha mar gheall ar bhreoiteacht mheabhrach/fhisiceach fhadtréimhseach | 7.9 | 16.2 |
| Tithe soghluaiste | 0.3 | 0.6 |
| Tithe altranais cláraithe | 0.3 | 0.6 |
| Damáiste suntasach piríte | 2.0 | 4 |
| Áit chónaithe duine faoi éagumas dian | 2.1 | 4.3 |
| Eastáit tithíochta neamhchríochnaithe | 3.3 | 6.7 |
| Stoc trádála tógálaí/forbróra (nár díoladh ar an 1/5/2013 nó a díoladh sa tréimhse ón 1/1/2013)* | 10.3 | 21 |
| | ***48.8*** | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Ní fholaíonn sé seo ach amháin maoine ar thíolaic duine dliteanach tuairisceán ina leith ag éileamh na díolúine. Sa chás gur ceannaíodh maoine nua agus neamhúsáidte roimhe sin le linn na tréimhse luachála reatha (2013–2021) níl aon dualgas ann tuairisceán CMÁ a thíolacadh de bhrí nach bhfuil siad faoi dhliteanas cánach go dtí an chéad tréimhse eile luachála. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, sonraí a bhaineann le maoine nua agus maoine nár úsáideadh roimhe ar an gClár CMÁ trí thaifid Dleachta Stampa agus trí fhoinsí éagsúla eile faisnéise ach ní áirítear anseo iad de bhrí nach meastar iad a bheith dliteanach i leith 2013-2021.

Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 43,500 éileamh ann ar iarchur in 2021. Éilítear an formhór díobh trí thuairisceáin CMÁ ach is gá roinnt éileamh ar iarchur (le haghaidh Caillteanas Suntasach Airgeadais, mar shampla) a éileamh ar fhoirmeacha ar leithligh a thíolactar do na Coimisinéirí Ioncaim.

| Éilimh ar Iarchur | CMÁ 2021<br>Líon (i bhfoirm mílte) | % |
|---|---|---|
| Seiceadóir/Riarthóir Eastáit | 0.5 | 1.1 |
| Caillteanas Suntasach Airgeadais | 0.2 | 0.5 |
| Faoin Tairseach Ioncaim | 42.1 | 96.8 |
| Duine Dliteanach Dócmhainneach | 0.7 | 1.7 |
| | ***43.5*** | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2021 bunaithe ar thar-rolladh 2020 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2021